V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10541 - GOLDMAN SACHS / GRUPO VISABEIRA / CONSTRUCTEL VISABEIRA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 78/04)

1. An 10 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Goldman Sachs Group, Inc. ("Goldman Sachs", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Grupo Visabeira S.A. ("Visabeira", an Phortaingéil), faoi rialú Fernando Campos Nunes amháin,

— Constructel Visabeira, S.A ("Constructel", an Phortaingéil), faoi rialú Visabeira.

Faigheann Goldman Sachs agus Visabeira rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Constructel, atá faoi rialú aonair Visabeira faoi láthair, trína fhochuideachta ar lánúinéireacht Visabeira Global SGPS, S.A..

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Goldman Sachs: réimse seirbhísí baincéireachta, urrús agus infheistíochta a sholáthar ar fud an domhain dá bhonn cliant lena n-áirítear corparáidí, institiúidí airgeadais, rialtais agus daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu,

— i gcás Visabeira: réimse gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus gníomhaíochtaí eile ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain, lena n-áirítear i réimsí na teileachumarsáide, an fhuinnimh, na tógála agus na teicneolaíochta, na ceirmeachta agus na gloine, an troscáin cistine, na mbithbhreoslaí (millíní) agus na gcóras fuinnimh, agus na n-óstán, na n-ionad saoire agus na n-ionad siamsaíochta, na siopalann agus na seirbhísí,

— i gcás Constructel: líonraí teileachumarsáide agus bonneagar fuinnimh a dhearadh, a phleanáil agus innealtóireacht a dhéanamh orthu, agus iad a thógáil, a dheisiú agus a chothabháil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10541 - GOLDMAN SACHS / GRUPO VISABEIRA / CONSTRUCTEL VISABEIRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.